Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 12

# Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

# Réamhrá

Mar Rúnái Ginearálta do Vóta 12, tá ceanglas orm gach bliain an cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

Faoi réir an cheanglais sin, tá an cuntas atá ceangailte ullmhaithe agam den mhéid atá ídithe sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2019 i gcóir pinsean, aoisliúntais, ghorthaithe cheirde agus liúntas agus aiscí breise eile faoi na hAchtanna Aoisliúntas 1834 go dtí 2004 agus reachtanna ilchineálacha eile; pinsin seachreachtúla, liúntas agus aiscí a bhronn an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; táillí maidir le réiteoirí leighis agus ó ham go chéile táillí doctúirí; cúiteamh agus íocaíochtaí eile maidir le gortuithe pearsanta, táillí go dtí an tÚdarás Pinsean, agus táillí gairmiúla eile, íocaíochtaí ilghnéitheacha, srl.

Cuirtear an táirgeacht chaiteachas i gcomparáid leis na suimeanna a bhronn Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €110.322 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Chuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 6 mar pháirt den chuntas seo.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, do tháirgeadh cuntais leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an cuntais.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chórais um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil gach idirbheart údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí nó mírialtachtaí ábartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é cothabháil an chórais um rialú inmhéanach airgeadais agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras féin agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhíse atá ann idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhróinnte le haghaidh seirbhís chomhroinnte AD agus párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiunta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil don Oifig seo.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais.
- tá nósanna imeachta do na príomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialaithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistíochta riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchta inmheánaigh bhliantúil, a faomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Athbhreithnítear an fheidhm iniúchta inmheánaigh ó am go ham agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistíochta atá á dtógáil le tabhairt fúthu agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí seo a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Roinn agus tá siad aitheanta, measta agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déantar athbhreithniú agus uasdátú ar an chlár ag an mbord bainistíochta go ráithiúil. Tá toradh na measúnuithe seo úsáidte le hacmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar bainistiú ar rioscaí go leibhéal inghlactha.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé freagracht as feidhmiú na rialuithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don, áit is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar na príomhrialuithe agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta do bhainistiú agus rialú rioscaí. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánach airgeadais curtha ar an eolas ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn a bhíonn freagrach as forbairt agus cothabháil ar an chreat um rialú inmheánach airgeadais.

***Saincheisteanna um rialú inmheánach airgeadais***

Níor aithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais bainteach le 2019, ba chúis le, nó a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le caillteanas ábhartha.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

11 Márta 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Aoisliúntas agus Liúntais Scoir agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2020

# Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A Aoisliúntas agus liúntais scoir | | | | |
| *Meastachán bunaidh* | 609,900 | | | |
| *Meastachán forlíontach* | 5,001 | | | |
| | | 614,901 | 598,656 | 573,180 |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| *Meastachán bunaidh* | 609,900 | | | |
| *Meastachán forlíontach* | 5,001 | | | |
| | | **614,901** | **598,656** | **573,180** |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| *Meastachán bunaidh* | 238,603 | | | |
| *Meastachán forlíontach* | 5,000 | | | |
| | | **243,603** | **337,680** | **252,128** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Meastachán bunaidh* | 371,297 | | | |
| *Meastachán forlíontach* | 1 | | | |
| | | **371,298** | **260,976** | **321,052** |

**Barrachas**

Tá an barrachas ar an méid atá curtha ar fáil os cionn an mhéid ghlan fheidhmithe dlíte le géilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **110,322,479** | **45,099,294** |

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

11 Márta 2020

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoi Chostais Oibriúcháin 2019

Níl an nóta seo infheidhmithe. Iompraítear costais riaracháin an Vóta seo ar Vóta 18 – An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Iompraítear na costais a bhaineann le ceapadh polasaí aoisliúntais ar Vóta 11 – Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.1 | 16,080 | 41,405 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.2 | 751 | 273 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 16,831 | 41,678 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.3 | 14,737 | 22,193 |
| Maoiniú glan ón Státchiste | 2.4 | 2,094 | 19,485 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 16,831 | 41,678 |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | — |
| **Glansócmhainní** | | **—** | **—** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas mhaoiniú an Stáit** | 2.5 | **—** | **—** |

### 2.1 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 16,052 | 41,399 |
| Iarmhéid chuntais eile bhainc | 28 | 6 |
| | **16,080** | **41,405** |

## 2.2 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pinsin in-fhorchúitithe dlite ag ranna eile | 269 | 273 |
| Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte[a] | 482 | — |
| | **751** | **273** |

Nota [a] I mí Dheireadh Fómhair 2019, soláthraíodh méid breise €482,000 don Oifig Náisiúnta Seirbhísí Roinnte. Rinneadh an méid seo a aisghabháil i 2020.

## 2.3 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 7,336 | 16,188 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 138 | 322 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 1,264 | 3,020 |
| | 8,738 | 19,530 |
| Asbhaintí pinsin deonacha coinnithe ar fionraí | 4,152 | — |
| Nithe creidmheasa fionraí eile | 1,857 | 2,663 |
| | **14,737** | **22,193** |

## 2.4 Maoiniú glan ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 110,322 | 45,099 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (108,288) | (25,614) |
| **Maoiniú glan ón Státchiste** | **2,094** | **19,485** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 16,080 | 41,405 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 751 | 273 |
| | 16,831 | 41,678 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (8,738) | (19,530) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (5,999) | (2,663) |
| | (14,737) | (22,193) |
| | **2,094** | **19,485** |

## 2.5 Cuntas mhaoiniú an Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | — | — |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 371,298 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (110,322) | | |
| Vóta glan | | | 260,976 | 321,052 |
| Costas cláir ghlan | | | (260,976) | (321,052) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **—** | **—** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Clár A Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

| | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 441,664 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (8,431) | | | |
| | | | 433,233 | 429,927 | 403,005 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhísigh, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 42,500 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 116 | | | |
| | | | 42,616 | 42,912 | 42,327 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhísigh, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | *370* | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | *(37)* | | | |
| | | | 333 | 303 | 352 |
| A.4 | Aiscí agus liúntais bhreise maidir le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | *101,600* | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | *14,095* | | | |
| | | | 115,695 | 103,406 | 104,865 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | *22,500* | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | *(675)* | | | |
| | | | 21,825 | 21,297 | 22,005 |
| A.6 | Deontas gortaithe agus táillí leighis | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 385 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | (2) | | | |
| | | | 383 | 375 | 325 |
| A.7 | Táillí a bhaineann le pinsin agus speansais eile | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | *426* | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | *(65)* | | | |
| | | | 361 | 237 | 206 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| A.8 | Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 | 400 | 145 | 41 |
| A.9 | Dliteanais phinsin iarchomhlachtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht | 55 | 54 | 54 |
| | | **614,901** | **598,656** | **573,180** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000).

**A.7 Táillí a bhaineann le pinsean agus speansais eile**

*Soláthar meastacháin: €426,000, Toradh: €237,000*

D'fhan soláthar do tháillí dlí gan úsáid ag deireadh bliana 2019 agus mar thoradh air sin bhí toradh 2019 níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis.

**A.8 Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997**

*Soláthar meastacháin: €400,000, Toradh: €145,000*

Foráiltear leis an Acht seo gur féidir le daoine aonair a tháinig faoi dhliteanas i leith cánach ioncaim “barrachas inmhuirearaithe” roghnú aon bharrachas inmhuirearaithe a aisíoc thar thréimhse iar-scoir suas le 20 bliain, ach caithfidh an riarthóir pinsin an méid iomlán atá dlite a íoc leis an Ard-Bhailitheoir laistigh de 3 mhí ó scor an duine. Taispeántar é mar mhuirear faoi fho-cheannteideal A8 má tharlaíonn sé seo.

Tharla an t-easnamh caiteachais de €255,000 i gcoibhneas leis an soláthar meastacháin de €400,000 mar gheall ar níos lú daoine ag feidhmiú a gcirt muirear a chruthú don Vóta ná mar a bhíothas ag súil leis.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltas faoi Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúite) 1993 (Uimh. 38 de 1993) maidir le dliteanas pinsin na mball foirne | | 28,000 | 28,000 | 28,000 |
| 2 | Fáltais maidir le dliteanas pinsin na mball foirne ar iasacht, srl. | | 1,703 | 933 | 1,079 |
| 3 | Ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí le haghaidh státsheirbhísigh agus daoine eile | | 18,200 | 17,239 | 18,741 |
| 4 | Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státsheirbhísigh bunaithe a ceapadh ar, agus tar éis, 6 Aibreán 1995 (Ciorclán 6/95) | | 29,900 | 33,074 | 33,062 |
| 5 | Aisíocaíocht aiscí, srl. | | 700 | 640 | 188 |
| 6 | Ceannach meas-seirbhíse | | 5,000 | 5,244 | 5,230 |
| 7 | Ranníocaíochtaí scéime aonair | | | | |
| | *Meastachán bunaidh* | 155,000 | | | |
| | *Meastachán forlíontach* | 5,000 | | | |
| | | | 160,000 | 252,550 | 165,828 |
| 8 | Ilghnéitheach | | 100 | — | — |
| | **Iomlán** | | **243,603** | **337,680** | **252,128** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Ina iomláine, bhí leithreasaí-i-gcabhair €94.077 milliúin níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá an míniú a bhaineann leis seo leagtha amach thíos:

**2 Fáltais maidir le dliteanas pinsin na mball foirne ar iasacht, etc.**

*Meastachán: €1.703 milliún, réadaithe: €933,000*

Tharla an laghdú de €800,000 mar gheall ar laghdú ar leibhéal fáltas na mball foirne ar iasacht. Tá sé deacair líon na mball foirne ar iasacht a thuar ó bhliain go bliain.

**3 Ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí le haghaidh státsheirbhísigh agus daoine eile**

*Meastachán: €18.2 milliún, réadaithe: €17.239 milliún*

Bhí an laghdú €1 milliún mar gheall ar ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí do státseirbhísigh agus daoine eile a bheith níos ísle ná mar a rabhthas ag súil leis. Féadfaidh sé seo athrú ó bhliain go bliain.

4 **Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tugadh isteach do státsheirbhísigh bhunaithe a ceapadh an 6 Aibreán 1995 agus ina dhiaidh sin (Ciorclán 6/95)**

*Meastachán: €29.9 milliún, réadaithe: €33.074 milliún*

Bhí méadú €3.2 milliún toisc go raibh fomheastachán de leibhéal na bhfáltas ó chóhort na státseirbhíseach a ceapadh an 6 Aibréan 1995 nó ina dhiaidh sin agus roimh 1 Eanair 2013 atá ina mbaill den scéim bhunaithe.  Laghdóidh an líon sa chohórt seo de réir mar a théann daoine ar scor ach bíonn tionchar ag athruithe ar leibhéil tuarastail an chóhoirt seo, a d’fhéadfadh méadú i gcomhréir le dul chun cinn gairme, ar an leibhéal ranníocaíochtaí.

7 **Ranníocaíochtaí scéime aonair**

*Meastachán: €155 milliún, Toradh: €252.551 milliún*

Tharla an méadú de €97.5 milliún den chuid is mó mar gheall ar leibhéal méadaithe fáltas sna míonna deiridh den bhliain. Léiríonn an méid a cuireadh i leith an Vóta maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ranníocaíochtaí a dhéanann gach seirbhíseach poiblí nua a a chuir tús le fostaíocht tar éis 1 Eanair 2013. Cé go ndéantar maoirseacht lárnach ar líon iomlán na bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí, déantar líon na n-iontrálaithe nua, uainiú a rannpháirtíochta agus an grád agus an leibhéal pá a bhíonn i gceist dóibh in earnálacha aonair in aon bhliain a bhainistiú sna hearnálacha sin agus is féidir leis athrú go mór.  De bharr nádur na bpróiseas earcaíochta agus scoir ar fud na seirbhíse poiblí, fanfaidh leibhéal éagsúlachta sna meastacháin i gcoinne na bhfáltas mar atá.

# 5 Líon na bhFostaithe agus Luach Saothair

## 5.1 Foireann

Íoctar gach ball foirne a fhostaítear i riaragus in íoc anaoisliúntais a ghearrtar ar an Vóta seo ó Vóta 18 – Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte. Gearrtar costais na foirne atá ag tabhairt faoi cheapadh polasaí aoisliúntais ar Vóta 11 – Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## 5.2 Pinsinéirí

Leagtar amach thíos miondealú ar líon iomlán na bpinsinéirí in íocaíocht de réir ceannteidil ag deireadh na bliana.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| A.1 | Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | 18,858 | 17,684 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhísigh, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 2,940 | 2,888 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhísigh, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 20 | 24 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | 4,546 | 4,594 |
| A.9 | Dliteanais phinsin iarchomhlachtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht | 3 | 3 |
| | | **26,367** | **25,193** |

## 5.3 Seirbhísí gníomhaireachta um íocaíocht pinsin

Déanann an Roinn (Vóta 12) íocaíochtaí pinsin, ar bhonn gníomhaireachta, le hiarbhaill foirne de na comhlachtaí atá leagtha amach thíos

| Ainm an chomhlachta | Líon na bpinsinéirí | Oll-luach (in aghaidh na bliana) €m |
|---|---|---|
| Pinsin Choiste Gairmoideachais/Institiúidí Teicneolaíochta/Bhoird Oideachais agus Oiliúna | 10,548 | 293 |
| Pinsin FÁS/SOLAS | 1,548 | 31 |

Gearrtar na suimeanna a íoctar ar an Vóta um Oideachais agus Scileanna (Vóta 26).

## 5.4 Ró-íocaíochtaí pinsin

Ba é iar-mhéid na ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana ná €161,410 (37 cásanna), (2018: €146,571 (37 cásanna)), le pleananna forchúitithe I bhfeidhm dóibh go léir.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Laghdú pinsin

Forálann Acht na bPinsean (Laghdú) 1965 agus an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 go ndéantar pinsin na státseirbhíseach atá coinnithe nó athfhostaithe tar éis na gnáthaoise scoir a laghdú de réir mar is gá lena chinntiú nach sáraíonn a bpá iomlán sa tréimhse coinnithe nó athfhostaithe an luach saothair a gheobhaidís dá bhfanfadh siad sna poist a bhí acu ar an lá deiridh dá gcuid seirbhíse inríofa. Forálann an reachtaíocht freisin go bhféadfaí laghduithe dá leithéid a tharscaoileadh de rogha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

I 2019, laghdaíodh pinsin 90 státseirbhísigh scortha go hiomlán nó go páirteach.  Ba é €855,410 an méid iomlán a laghdaíodh in 2019.

### 6.2 Costais chúitimh agus dlí

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí in 2019 ná in 2018 maidir le héilimh a glacadh i gcoinne na Roinne.